# *Polasaí i dtaobh daoine ar thaithí oibre/cleachtadh múinteoireachta i nGaelscoil Dara*

**Réamhrá:**

Is ar mhaithe agus mar chosaint do pháistí, mhúinteoirí agus bainistíocht na scoile an polasaí seo.  Rinneadh an t-ábhar seo a phlé ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta i Mí bealtaine 2019 agus déanfar athbhreithniú air go rialta.

**Uasmhéid ar líon na ndaoine atá ar thaithí oibre in aon scoilbhliain.**

Ó thaobh scoláirí meánscoile tabharfar tús áite do iarscoláiri na scoile. Glacfar le uasmhéid  de ochtar scoláire ag an am. Caithfear grinnfhiosriúchán an Gharda Síochána a bheith déanta ag an meánscoil roimhré ar aon scoláire os cionn sé bliana déag, agus socrú scríofa a bheith ann idir Gaelscoil Dara agus an mheánscoil maidir leis seo. I gcás scolairí faoi shé bliana déag beidh litir ón meánscoil ag teastáil ag dearbhú oiriúnachta an scoláire don taithí oibre. Beidh se faoi dhiscréid na scoile seo glacadh leo ansin.

Ó thaobh daoine fásta ag lorg taithí oibre, beifear ag súil go mbeidh caighdeán maith sa Ghaeilge labhartha agus scríofa acu. Glacfar le uasmhéid de cheathrar duine fásta ag an am ar thaithí oibre. Caithfear grinnfhiosriúchán an Gharda Síochána a bheith déanta  roimhré ar aon duine fásta don ról i nGaelscoil Dara. Déanfar é seo a eagrú ón scoil tríd Deoise na Gaillimhe. Más mac léinn ollscoile nó coláiste atá i gceist, caithfear grinnfhiosriúchán an Gharda Síochána a bheith déanta ag an ollscoil/coláiste roimhré, agus socrú scríofa a bheith ann idir Gaelscoil Dara agus an an ollscoil/coláiste maidir leis seo.

Ó thaobh múinteoirí faoi oiliúnt ag lorg tréimhsí cleachtadh múinteoireachta, glacfar le uasmheid de cheathrar ag an am. Caithfear grinnfhiosriúchán an Gharda Síochána a bheith déanta ag an gColáiste Oiliúna roimhré, agus socru scríofa a bheith ann idir Gaelscoil Dara agus an Coláiste Oiliúna maidir leis seo.

Sula mbíonn aon teangmháil ag duine ar thaithí oibre/cleachtadh múinteoireachta le páisti na scoile, déanfar an polasaí seo a phlé leo agus déanfar a chinntiú go dtuigeann siad an polasaí, nósanna imeachta sa scoil agus ról na bpáirtithe go léir, iad féin san áireamh.

1. Tá sé de cheart ag gach múinteoir glacadh nó gan glacadh le iarrathóir taithí oibre/cleachtadh múinteoireachta.  Má ghlactar le duine is féidir críoch a chur leis an taithí oibre aon uair ach é a phlé leis an bPríomhoide ar dtús.

2. Tréimhse phromhaidh/Probation Period

   Is é aon mhí ón dáta tosnaithe an tréimhse phromhaidhl atá i gceist. Is féidir críoch a chur le cleachtadh oibre ag am ar bith, fiú i ndiaidh an chéad mhíosa.  Tharlódh sé seo i gcás.

   - Iompar mí-oiriúnach.

   - Mí-shástacht mhúinteora faoin gcóras (i.e. níl sé/sí ag cabhrú leis an rang)

   - Go leor daoine ar fhoireann na scoile chun an obair sin a dhéanamh.

- Eolas a thiocfadh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta i dtaobh oiriúnachta an duine.

3 Tá ar dhaoine ar thaithí oibre/cleachtadh múinteoireachta cloí leis na seomraí/ranganna atá socruithe leis an bPríomhoide. Is gá dul go dtí an clós/linn snámha srl leis an rang/ranganna cuí.

4 Rúndacht

Níor chóir féachaint ar aon cháipéis phríobháideach sa seomra ranga, agus ní cheadaítear aon rud a thógáil amach as an scoil. Ag cloí le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí agus Cosaint Sonraí na scoile nior chóir labhairt faoin scoil nó faoi fhoireann na scoile nó faoi pháistí scoile taobh amuigh den fhoirgneamh. Má bhionn ort tuairisc/taighde a dhéanamh mar chuid den chúrsa ni chóir ainm páiste nó múinteora a úsáid. Moltar go ndéanfar tagairt do aoisghrúpaí in áit rang nó aois díireach na bpáisti a luadh, m.sh. páisti san aois ghrúpa:

4 – 6 bliain 7 – 10 bliain 10 –13 bliain

Ba chóir cóip d'aon taighde/tuairisc a chur ar fáil do Bhord Bainistíochta na scoile sula dtabharfar é d'aon triú pháirtí.

5 Páisti a smachtú

Tá Cód Iompar ag Gaelscoil Dara agus is é freagracht an mhúinteora amháin páisti a cheartú nuair is gá. Cinnte tá ról ag gach duine i nósanna dea-iompair a spreagadh sna páisti. Ba chóir do dhaoine ar thaithí oibre moladh a úsáid agus iad ag plé le páisti. Ba chóir gach eachtra droch-iompair a chur in iúl don mhúinteoir ranga agus ligint dó/di déileáil leis d'réir polasaithe agus rialacha na scoile.

6 Bionn an té ar thaithí oibre/cleachtadh múinteoireachta ag obair faoi threoir an mhúinteora ranga.

7 Ta ar scoláirí meánscoile cloí le polasaí na scoile maidir le gan fón póca a bheith acu ar scoil

8 Má fhaigheann an duine ar thaithí oibre/cleachtadh oibre líomháin nó má tá amhras air/uirthi faoi dhalta a bheith á m(h)í-úsáid ba chóir don duine sin, sa chéad áit, tuairisc ar an ábhar a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil.

9 Beidh ar gach duine ar thaithí oibre/cleachtadh múinteoireachta cloí agus tacú le ethos na Gaelscoile. Beidh orthu Gaeilge a labhairt le páisti na scoile chomh maith le baill foirne. Ceadaitear dóibh Béarla a úsáid chun rudaí a chinntiú le múinteoiri nuair nach féidir le páistí an cómhrá a chloisteáil.

10 Ni mór do dhaoine atá ag lorg taithí oibre/cleachtadh múinteoireachta eolas faoi aon chás cúirte inar cúisiodh iad de bharr mi-úsáid phásiti a chur in iúl roimhré.

11 Socruithe lóin/asláithreachta:

Bionn sos 10 nóimead ceadaithe chomh maith le lón 30 nóimead ag daoine ar chleachtadh oibre ar feadh lae iomlán.  Glactar le sos/lón ag na h-amanta seo:  Sos 10.50 – 11.05  /  Lón  12.35 – 1.00
Caithfear an príomhoide a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir má tá asláithreacht i gceist

12 Dearbhaim go bhfuil an polasaí seo pléite agam leis an bPríomhoide, agus go nglacaim leis go h-iomlán.

Siniú: ____________________________ Dáta: ________________